

Measúnú san Eolaíocht do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Faoi mar atá le gach ábhar, beidh na comhpháirteanna seo a leanas i gceist le Measúnuithe san Eolaíocht don PGSS:

- Dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRBanna), ceann amháin le déanamh sa dara bliain agus an ceann eile sa tríú bliain, agus iad le measúnú ag an múinteoir ranga.
- Tasc Measúnaithe scríofa, (TM) bunaithe ar MRB2 a thabharfar don CSS le haghaidh a mharcála.
- I mí an Mheithimh sa tríú bliain, beidh scrúdú deiridh le déanamh, nach mairfidh níos mó ná 2 uair.

IS AR LEIBHÉAL COMÓNTA ATÁ GACH COMHPHÁIRT MEASÚNAITHE

Measúnuithe Rangbhunaithe

- Déanfar Measúnú Rangbhunaithe amháin sa dara bliain agus an dara Measúnú Rangbhunaithe sa tríú bliain.
- Is ag leibhéal comónta a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe.
- Tá éagsúlacht formáidí i gceist maidir leis na measúnuithe rangbhunaithe a chur i láthair agus glactar le haon cheann acu seo, tuairiscí lámhscríofa/clóite, tógáil samhail, láithreoireachtaí ilmhódacha, leathanaigh ghréasáin, podchraoltaí srl. agus ní liosta iomlán é sin.
- Is luiúchadh Turgnamhach Sínte (ITS) é Measúnú Rangbhunaithe 1, a thugann an deis do scoláirí taighde a dhéanamh ar cheist a bhíonn acu, a bhaineann le ceann de na topaicí seo a leanas:

Uisce	Córas an Domhain/na gréine/na gealaí	Bia	Fás agus iompar Plandaí
Imoibrithe Ceimiceacha	Plaistigh	Fórsaí	Caomhnú fuinnimh

Is iad na príomhthorthaí foghlama a ndéantar measúnú orthu tríd an ITS na TFanna 1, 2, 3, 4, 5 agus 7 ón shná Nádúr na hEolaíochta. Na scoláirí a thosóidh ar an tSraith Shóisearach i Meán Fómhair 2016 caithfidh siad trí seachtaine ag obair ar an ITS idir **Dé hAoine 20 Aibreán agus Dé hAoine 18 Bealtaine, 2018.**

- Is Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí (IES) é Measúnú Rangbhunaithe 2, a thugann an deis do scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar thopaic nó ar cheist eolaíochta a bhaineann le ceann de na réimsí seo a leanas:
 - Feidhm eolaíochta theicniúil
 - Feidhm eolaíochta a imríonn tionchar ar shláinte an duine.
 - Feidhm eolaíochta a imríonn tionchar ar an gcomhshaol.
 - Feidhm eolaíochta a imríonn tionchar ar an tsochaí.

Is iad na príomhthorthaí foghlama a ndéantar measúnú orthu tríd an IES na TFanna 1, 2, 4, 6, 7, 8, 9 agus 10 ó shnáithe Nádúr na hEolaíochta. Na scoláirí a thosóidh ar an tSraith Shóisearach i Meán

Fómhair 2016 caithfidh siad trí seachtaine ag obair ar an IES s'acu idir **Dé hAoine 7 Nollaig agus Dé hAoine 25 Eanáir, 2019.**

- Do gach Measúnú Rangbhunaithe, tá caighdeán nó gnéithe cáilíochta tugtha le fios ag an CNCM a chuireann síos ar fheidhmiú sa Mheasúnú Rangbhunaithe ag ceithre leibhéal eadhon: Atá thar barr ar fad; Atá os cionn na n-ionchas; Atá ag teacht leis an hionchas; Nár chomhlíon na hionchais go fóill. Beidh siad sin nasctha le samplaí d'obair scoláirí. Tabharfaidh soláthar na gcaighdeán agus na samplaí oibre creat soiléir do mhúinteoirí inar féidir leo measúnú a dhéanamh ar chuid oibre a scoláirí féin atá le meas. Nuair a bheidh siad críochnaithe leis an meastóireacht ar obair scoláire i Measúnú Rangbhunaithe, agus tar éis dialóg ghairmiúil maidir leis an meastóireacht sin a tharlóidh ag cruinniú in Athbhreithniú ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair, cuirfear gnóthachtáil an scoláire in iúl don scoláire agus dá dtuismitheoirí. Déanfar a ngnóthachtáil a thaifead freisin ar an PGSS.

Le haghaidh mionsonraí iomlána féach ar na Treoirínte Measúnaithe anseo:

<http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Science?lang=ga-IE>

Tasc Measúnaithe (TM)

Déanfaidh scoláirí Tasc Measúnaithe scríofa, arna shonrú ag an CNCM, a bheidh le cur ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh a mharcála, mar chuid den scrúdú stát-teistithe. Ag scoláirí a thosóidh ar Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí i Meán Fómhair 2016, beidh sé seo curtha i gcrích faoi **Dé hAoine 1 Feabhra, 2019.**

- Mar chuid den Tasc Measúnaithe beidh scoláirí ag plé le spreagthach gearr, ceann scríofa, fuaime, clos-amhairc nó ilmhódach, mar ullmhúchán do thasc scríofa.
- Déanfar scoláirí a thástáil ar a gcumas chun plé go criticiúil le téacsanna eolaíochta, meastóireacht a dhéanamh ar iontaofacht foinsí, anailís agus measúnú a dhéanamh ar shonraí, eolas agus fianaise agus teacht ar chonclúidí bailí.
- Tabharfar deiseanna dóibh a gcuid foghlama a úsáid i gcomhthéacsanna nach bhfaca siad cheana agus meabhrú a dhéanamh ar na scileanna atá forbartha acu trína rannpháirtíocht leis an IES.

Déanfar an Tasc Measúnaithe sa seomra ranga faoi stiúir an mhúinteora agus seolfar ar aghaidh chuig an CSS é le haghaidh marcála. Cuirfear marcanna don Tasc Measúnaithe san áireamh nuair a bhronnfar grád san ábhar sin. Beidh 10% den ghrád a bhronnfaidh an CSS ag dul don Tasc Measúnaithe.

Scrúdú Stáit

- Déanfar scrúdú scríofa ag deireadh an trí bliain. Is é an CSS a shocróidh, a riarfaidh, a cheartóidh agus a thabharfaidh torthaí ar scrúduithe. Ní mhairfidh an scrúdú scríofa níos faide ná dhá uair a chloig.
- Is ag an leibhéal comónta a chuirfear an scrúdú deireanach seo ar fáil.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil ar mheasúnú don PGSS faightear na Treoirínte Measúnaithe anseo:

<http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Science?lang=ga-IE>